Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**5878/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0273 (COD)**

**VOTE 6**
**INF 24**
**PUBLIC 7**
**CODEC 141**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 3 Feabhra 2021<br>= Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Formheas na ndearbhuithe chomhpháirtigh |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 52/20

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 2, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,

an 29.01.2021

Na ráitis agus na dearbhuithe agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2019/0273 (COD) (Document: 52/20)** |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL amending Regulation (EU) No 654/2014 concerning the exercise of the Union's rights for the application and enforcement of international trade rules |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **03/02/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,58 | ↑ |
| БЪЛГАРИЯ | 1,55 | ↑ |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | ↑ |
| DANMARK | 1,30 | ↑ |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | ↑ |
| EESTI | 0,30 | ↑ |
| ÉIRE/IRELAND | 1,11 | ↑ |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,39 | ↑ |
| ESPAÑA | 10,56 | ↑ |
| FRANCE | 14,97 | ↑ |
| HRVATSKA | 0,91 | ↑ |
| ITALIA | 13,58 | ↑ |
| ΚΥΠΡΟΣ | 0,20 | ↑ |
| LATVIJA | 0,43 | ↑ |

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| LIETUVA | 0,62 | ↑ |
| LUXEMBOURG | 0,14 | ↑ |
| MAGYARORSZÁG | 2,18 | ↑ |
| MALTA | 0,11 | ↑ |
| NEDERLAND | 3,91 | ↑ |
| ÖSTERREICH | 1,98 | ↑ |
| POLSKA | 8,47 | ↑ |
| PORTUGAL | 2,30 | ↑ |
| ROMÂNIA | 4,31 | ↑ |
| SLOVENIJA | 0,47 | ↑ |
| SLOVENSKO | 1,22 | ↑ |
| SUOMI/FINLAND | 1,23 | ↑ |
| SVERIGE | 2,30 | ↑ |
| | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Dearbhú Comhpháirteach ón gCoimisiún, ón gComhairle agus ón bParlaimint maidir le hionstraim chun díspreagadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhéigneacha a dhéanfadh tríú tíortha agus chun gníomhú in aghaidh na mbeart sin**

Tugann an Coimisiún dá aire na hábhair imní atá ag an bParlaimint agus ag na Ballstáit maidir le cleachtais tríú tíortha áirithe chun féachaint leis an Aontas Eorpach agus/nó a Bhallstáit a chomhéigniú chun bearta beartais áirithe a ghlacadh nó a tharraingt siar. Tá an Coimisiún ag teacht leis an tuairim gur ábhar mór imní iad cleachtaí den sórt sin. Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar ionstraim fhéideartha, ionstraim a d'fhéadfaí a ghlacadh chun gníomhaíocht den sórt sin a dhíspreagadh nó a fhritháireamh, ionstraim a chuirfí i ngníomh le gníomhaíochtaí den sórt sin agus lena gceadófaí frithbhearta a ghlacadh go tapa. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún leanúint dá mheastóireacht agus ar bhonn na meastóireachta sin, agus na himthosca ábhartha ar fad a chur san áireamh, togra reachtach a ghlacadh lena bhforáiltear do shásra lena gceadaítear bearta den sórt sin a dhíspreagadh nó a fhritháireamh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta. Mar a fógraíodh i Litir Intinne Uachtarán an Choimisiúin chuig Uachtarán na Parlaiminte agus Uachtarán-in-Oifig na Comhairle an 16 Meán Fómhair 2020, glacfaidh an Coimisiún an togra in aon chás tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2021, nó níos túisce ná sin i gcás inar gá leis, mar thoradh ar ghníomh comhéigneach a rinne tríú tír.

Tugann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa dá n-aire go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún togra a chur isteach le haghaidh ionstraime chun bearta comhéigneacha a dhéanann tríú tíortha a dhíspreagadh agus gníomhú in aghaidh na mbeart sin. Tá an dá institiúid tiomanta a ról institiúideach mar chomhreachtóirí a chomhlíonadh agus an togra a bhreithniú go tráthúil, agus oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí EDT a chur san áireamh mar aon le forbairtí ábhartha i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta.

**Dearbhú ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Tá an tAontas fós tiomanta do chur chuige iltaobhach i leith shocrú na ndíospóidí idirnáisiúnta, trádáil atá bunaithe ar rialacha, agus comhar idirnáisiúnta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Comhoibreoidh an tAontas i ngach iarracht arb é is aidhm dó athchóiriú a dhéanamh ar chóras EDT um Réiteach Díospóidí lena bhféadfar feidhmiú éifeachtach Chomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála a áirithiú.

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir le comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta**

Nuair a thabharfaidh an tAontas díospóid faoi Chomhaontú um Réiteach Díospóidí (DSU) i gcoinne Comhalta eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), déanfaidh an Coimisiún gach iarracht réasúnta comhaontú ón gComhalta sin a fháil, a thúisce is féidir, chun dul i muinín na headrána faoi Airteagal 25 de DSU mar nós imeachta achomhairc eatramhach, nós lena gcaomhnófar gnéithe riachtanach na n-achomharc os comhair an Chomhlachta Achomhairc (an 'nós imeachta achomhairc eatramhach'), fad nach mbeidh an Comhlacht Achomhairc in ann dul i mbun a fheidhmeanna ina n-iomláine i gcomhréir le hAirteagal 17 de DSU.

Nuair a bheidh gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 3(aa) den Rialachán á nglacadh ag an gCoimisiún, gníomhóidh sé i gcomhréir le ceanglais an dlí idirnáisiúnta maidir le frithbhearta, faoi mar a chódaítear sna hAirteagail maidir le Freagracht na Stát i leith Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta arna nglacadh ag an gCoimisiún Dlí Idirnáisiúnta.

Go háirithe, sula nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 3(aa), iarrfaidh sé ar Chomhalta EDT lena mbaineann torthaí agus moltaí an phainéil a chur chun feidhme, fógra a thabhairt don Chomhalta EDT sin go bhfuil sé i gceist ag an Aontas frithbhearta a dhéanamh agus athdhearbhú a dhéanamh ar an oscailteacht aigne atá acu ó thaobh réiteach a chomhaontófar ar bhonn frithpháirteach i gcomhréir le ceanglais DSU.

Sa chás go mbeidh gníomhartha cur chun feidhme glactha cheana de bhun Airteagal 3(aa), cuirfidh an Coimisiún a n-iarratas ar fionraí sa chás go rachaidh an Comhlacht Achomhairc i mbun a chuid feidhmeanna arís maidir leis an gcás lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 17 de DSU, nó sa chás go dtionscnófar nós imeacht achomhairc eatramhach, ar choinníoll go leanfar de nós imeachta den sórt sin de mheon macánta.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is díol sásaimh don Choimisiún gur glacadh an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 654/2014.

Meabhraíonn an Coimisiún an Ráiteas a rinne sé tráth a glacadh an rialachán bunaidh, inter alia go ndearfaí na gníomhartha cur chun feidhme a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh ar bhonn critéir oibiachtúla agus faoi réir rialú na mBallstát. Agus an cumhachtú sin á fheidhmiú aige, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gníomhú i gcomhréir leis an ráiteas a rinneadh tráth a glacadh an rialachán bunaidh mar aon leis an Dearbhú seo.

Agus dréachtghníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú, dréachtghníomhartha a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí nó do ghnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, meabhraíonn an Coimisiún a oibleagáidí de bhun Airteagal 9(1a) agus dearbhaíonn sé go rachaidh sé i mbun dianchomhairliúcháin roimh ré d'fhonn a áirithiú gur féidir aird an Choimisiúin a tharraingt ar na leasanna agus impleachtaí ábhartha uile, gur féidir iad a roinnt leis na Ballstáit agus go gcuirfear san áireamh mar is cuí iad sa chás gur féidir na bearta a ghlacadh. Le linn na gcomhairliúchán sin, féachfaidh an Coimisiún le hionchur a fháil ó pháirtithe leasmhara príobháideacha, páirtithe a ndéanfaidh bearta beartais tráchtála féideartha atá le glacadh ag an Aontas sna réimsí sin difear dóibh, agus beidh sé ag súil leis an ionchur sin a fháil. Ar an gcaoi chéanna, féachfaidh an Coimisiún le hionchur a fháil ó na húdaráis phoiblí a bhféadfadh baint a bheith acu le cur chun feidhme na mbeart beartais tráchtála féideartha atá le glacadh ag an Aontas nó a dhéanfadh difear dóibh, agus beidh sé ag súil leis an ionchur sin.

I gcás beart i réimse na trádála i seirbhísí agus i réimse na ngnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, go háirithe an t-ionchur ó údaráis phoiblí na mBallstát a bhfuil baint acu le reachtaíocht a cheapadh nó a chur chun feidhme, reachtaíocht lena rialaítear na réimsí lena mbaineann, cuirfear san áireamh go cuí an t-ionchur sin i gcéim ullmhúcháin na ndréachtghníomhartha cur chun feidhme, inter alia maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhódh bearta beartais tráchtála féideartha le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus le reachtaíocht náisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, tabharfar deis do pháirtithe leasmhara eile a ndéanann bearta beartais tráchtála den sórt sin difear dóibh a gcuid moltaí agus gach is ábhar imní dóibh a cheapadh i ndáil le rogha agus dearadh na mbeart atá le glacadh. Roinnfear na barúlacha leis na Ballstáit nuair a glacfar na bearta de bhun Airteagal 8 den Rialachán. San athbhreithniú a dhéanfar ar aon bheart den sórt sin le linn a gcur i bhfeidhm nó tar éis deireadh a chur leo, cuirfear san áireamh, ar an gcaoi chéanna, an t-ionchur ó údarás na mBallstát agus ó pháirtithe leasmhara príobháideacha maidir le hoibriú beart den sórt sin, agus féadfar coigeartuithe a dhéanamh má tharlaíonn gur tháinig fadhbanna aníos.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn an Coimisiún gur tábhachtach leis a áirithiú gur uirlis éifeachtach agus éifeachtúil atá sa Rialachán chun cearta an Aontais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta trádála a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear réimse na trádála i seirbhísí agus réimse na ngnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil. Dá bhrí sin, ní mór na bearta atá le roghnú sna réimsí sin forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú freisin i gcomhréir le cearta an Aontais, ionas go spreagfaidh siad an tríú tír lena mbaineann le comhlíonadh a dhéanamh agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis na rialacha idirnáisiúnta is infheidhme maidir le gcineál beart forfheidhmiúcháin a cheadaítear.

**Dearbhú ón gCoimisiún**

Nuair a glacadh an Rialachán in 2014, gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé cumarsáid éifeachtach agus tuairimí a mhalartú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le díospóidí trádála a bhféadfaí bearta a ghlacadh faoin Rialachán mar gheall orthu, sin agus gníomhartha cur chun feidhme i gcoitinne. Agus aird á tabhairt ar an gcuspóir uileghabhálach maidir le forfheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil chearta an Aontais faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta an Aontais, leanfaidh an Coimisiún lena chuid idirghníomhaíochtaí le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle a chur chun cinn agus a chuíchóiriú chun tairbhe an dá thaobh.

Go háirithe, geallann an Coimisiún scrúdú a dhéanamh, mar chuid dá chóras forfheidhmiúcháin feabhsaithe, ar sháruithe líomhnaithe ar chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta an Aontais nuair a ardaíonn an Pharlaimint, a Chomhaltaí nó a Coistí iad, nó nuair a ardaíonn an Chomhairle iad, ar an tuiscint go bhfuil fianaise thacaíochta ag gabháil leis na hiarrataí sin. Coinneoidh an Coimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an eolas faoin toradh a bheidh ar a chuid oibre forfheidhmiúcháin feabhsaithe.

Trí úsáid an chórais fhorfheidhmiúcháin feabhsaithe, tabharfaidh an Coimisiún aird chomhionann ar sháruithe líomhnaithe ar fhorálacha trádála agus forbartha inbhuanaithe chomhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh, sin agus ar sháruithe ar chórais rochtana ar an margadh. Déanfar an phróiseáil maidir le sáruithe líomhnaithe ar fhorálacha trádála agus inbhuanaithe a chomhtháthú go hiomlán sa chóras. Tabharfaidh an Coimisiún tús áite do chásanna atá thar a bheith tromchúiseach ó thaobh an éifeacht atá acu ar an gcomhshaol sa chomhthéacs trádála a bhfuil tábhacht chórasach leo agus atá fónta ó thaobh dlí de.

Leanfaidh an Coimisiún de pháirt a ghlacadh go hiomlán i seisiúin thiomnaithe leis an gcoiste Parlaiminteach atá freagrach chun tuairimí maidir le díospóidí trádála agus gníomhartha cur chun feidhme a mhalartú, lena n-áirítear maidir leis an tionchar ar thionscail de chuid an Aontais. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Coimisiún lena chleachtas tuairiscithe trí staid na himeartha a sholáthar ó am go chéile maidir le gach díospóid atá ar feitheamh agus faisnéis láithreach maidir le forbairtí móra i ndáil le díospóidí san am céanna a roinntear an fhaisnéis leis na Ballstáit. Is trí na coistí freagracha sa Chomhairle agus sa Pharlaimint a dhéanfar an tuairisciú agus an malartú faisnéise sin.

San am céanna, coinneoidh an Coimisiún an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an eolas go rialta maidir le forbairtí idirnáisiúnta a bhféadfadh cásanna a theacht astu lena mbeadh gá le bearta a ghlacadh faoin Rialachán.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn an Coimisiún a thiomanta atá sé faoi Rialachán (AE) Uimh 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun dréachtghníomhartha cur chun feidhme a chuireann sé faoi bhráid choiste na mBallstát a chur chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle gan mhoill, chomh maith le dréachtghníomhartha cur chun feidhme críochnaitheacha ach a mbeidh na tuairimí arna seachadadh sa choiste. Is trí chlár na coisteolaíochta a bhainistítear é sin.

---